2026/57

9.1.2026

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/57 ÓN gCOIMISIÚN

## an 24 Deireadh Fómhair 2025

## lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/117 a mhéid a bhaineann le bearta caomhnaithe ar an láithreán Havet kring Ven i Muir Bhailt agus lena gceartaítear roinnt earráidí ann

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, cumhachtaítear na Ballstáit le bearta caomhnaithe iascaigh a ghlacadh ina n-uiscí, ar bearta iad is gá chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle ('an Treoir maidir le Gnáthóga') ([2]), faoi Airteagal 4 de Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir maidir le hÉin') ([3]) agus faoi Airteagal 13(4) de Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí') ([4]).

(2) Le hAirteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga, ceanglaítear ar na Ballstáit na bearta caomhnaithe is gá a bhunú le haghaidh limistéir chaomhantais speisialta, bearta a fhreagraíonn do riachtanais éiceolaíocha na gcineálacha gnáthóige nádúrtha sin agus na speiceas sin atá faoi chosaint sna láithreáin sin. Ina theannta sin, ceanglaítear leis ar na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun meathlú na ngnáthóg nádúrtha agus na ngnáthóg speiceas a sheachaint, chomh maith le suaitheadh mór na speiceas ar ainmníodh na limistéir ina leith.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 13(4) den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, tá na Ballstáit le cláir beart a ghlacadh chun deastádas comhshaoil a bhaint amach nó a choinneáil ar bun, lena n-áirítear bearta um chosaint spásúil a chuireann le líonraí limistéar muirí faoi chosaint atá comhleanúnach agus ionadaíoch, agus lena gcumhdófar go leordhóthanach éagsúlacht na gcomhéiceachóras, amhail limistéir chaomhantais speisialta de bhun na Treorach maidir le Gnáthóga, limistéir chosanta speisialta de bhun na Treorach maidir le hÉin agus limistéir mhuirí faoi chosaint arna gcomhaontú ag an Aontas nó ag na Ballstáit lena mbaineann faoi chuimsiú comhaontuithe idirnáisiúnta nó réigiúnacha ar páirtithe iontu iad.

(4) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, i gcás ina measann Ballstát gur gá bearta a ghlacadh chun na hoibleagáidí faoi reachtaíocht chomhshaoil an Aontais a chomhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus go bhfuil leas díreach bainistíochta ag Ballstáit eile san iascach a ndéanfaidh na bearta sin difear dó, cumhachtaítear an Coimisiún le bearta den sórt sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe tar éis na Ballstáit lena mbaineann moladh comhpháirteach a thíolacadh.

(5) Bunaítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/117 ón gCoimisiún ([5]) bearta caomhnaithe chun an mhuirthimpeallacht i limistéir mhuirí áirithe faoi chosaint i Muir Bhailt a chosaint.

([1]) IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj.
([2]) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).
([3]) Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj/eng).
([4]) Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2008/56/oj).
([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/117 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2016 lena mbunaítear bearta caomhnaithe iascaigh chun an mhuirthimpeallacht i Muir Bhailt a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1778. (IO L 19, 25.1.2017, lgh. 1–9. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/117/oj).

(6) An 9 Meán Fómhair 2024 chuir an tSualainn (an Ballstát tionscnaimh), in éineacht leis an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an Fhionlainn (Ballstáit Mhuir Bhailt, dá ngairtear 'BALTFISH' anseo feasta) moladh comhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin inar moladh toirmeasc a chur ar iascaireacht le líonta éighníomhacha gan feistí fuaimchiaptha a úsáid go comhuaineach sa láithreán Natura 2000 Havet kring Ven (SE0430183).

(7) Tar éis taighde eolaíoch a rinne an tSualainn i láithreán Havet kring Ven i Muir Bhailt sa tréimhse idir 2017 agus 2020, suíodh go raibh muca mara (cód speicis 1351), bainc ghainimh (cineál gnáthóige 1110), sceireacha (cineál gnáthóige 1170) agus rónta liatha (cód speicis 1364) le cosaint. Is é príomhchuspóir an bhirt atá beartaithe an riosca maidir le foghabháil mhuca mhara Mhuir na Beilte a laghdú.

(8) Rinne an Coiste Eolaíoch, Eacnamaíoch agus Teicniúil um Iascach (CETEI) athbhreithniú ar an moladh comhpháirteach i seisiún iomlánach an 11-15 Samhain 2024 ([6]) agus tháinig sé ar an gconclúid go bhféadfadh na bearta atá beartaithe gabhálacha de thaisme ainmhithe a bhíonn ag déanamh a mbealaigh sa limistéar a laghdú. Mar sin féin, chuir CETEI imní in iúl freisin maidir le fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le dlús na mbád eangach a úsáideann feistí fuaimchiaptha agus an riosca go n-easáiteofaí muca mara as an láithreán, agus tháinig sé ar an gconclúid go mba bheart níos éifeachtaí é toirmeasc a chur ar an iascaireacht uile le heangacha sa limistéar. Chuir CETEI i dtábhacht freisin go leanfar le tionscadail fhorleathana taighde atá ar siúl de thorthaí a bhaint amach maidir le roghanna malartacha ar fheistí fuaimchiaptha, le réitigh fhadtéarmacha eile a d'fhéadfadh a bheith ann.

(9) Tar éis na comhairle ó CETEI, an 5 Feabhra 2025 chuir BALTFISH moladh comhpháirteach arna thabhairt cothrom le dáta isteach inar moladh athbhreithniú féideartha ar na bearta in 2026, i bhfianaise na sonraí maidir le gabhálacha de thaisme nó comhairle eolaíoch nua ina leith sin.

(10) Ós rud é go bhféadfadh na bearta atá beartaithe gabhálacha de thaisme ainmhithe a bhíonn ag déanamh a mbealaigh sa limistéar a laghdú, measann an Coimisiún go rannchuidíonn siad leis an gcuspóir gabhálacha de thaisme a laghdú, rud a íoslaghdaíonn tionchair dhiúltacha gníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachóras na mara. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/117 a leasú chun iad a áireamh. Ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann, áfach, athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí maidir le gabhálacha de thaisme muc mara gach bliain agus measúnú a dhéanamh orthu tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2026. Aon sonraí ar bith maidir le gabhálacha de thaisme nó aon sonraí nua iomchuí, lena n-áirítear comhairle eolaíoch, atá ábhartha maidir le húsáid feistí fuaimchiaptha i ndáil le muca mara, ba cheart iad a úsáid chun na bearta caomhnaithe a choigeartú de réir mar is iomchuí.

(11) Chun críoch an Rialacháin Tharmligthe seo, ba cheart an sainmhíniú ar líonta éighníomhacha, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), a chur le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/117.

(12) Tá an Rialachán Tarmligthe seo gan dochar don ghá atá le bearta caomhnaithe breise a theastaíonn chun na forálacha ábhartha den Treoir maidir le hÉin, den Treoir maidir le Gnáthóga agus den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus do sheasamh an Choimisiúin maidir le comhlíonadh a n-oibleagáidí faoi reachtaíocht ábhartha chomhshaoil an Aontais ag na Ballstáit leasmhara,

([6]) An tAirmheán Comhpháirteach Taighde, an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach, an 77ú Tuarascáil Iomlánach (STECF-PLEN-24-03), Nord, J. agus Doerner, H. eagarthóir(í), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2024, https://data.europa.eu/doi/10.2760/2392535, JRC140580.

([7]) Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle. (IO L 198, 25.7.2019, lgh. 105–201. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/117 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, i dteannta na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún (*), beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "gléas soghluaiste grinnill" aon cheann de na gléasanna seo a leanas: trál grinnill (TB), trál bíoma (TBB), trál otair grinnill (OTB), trál otair dúbailte (OTT), trál grinnill dhá bhád (PTB), trál chloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath (TBN), trál séaclaí (TBS), eangach shaighne (SX), saighean Dhanmhargach (SDN), eangach shaighne Albanach (SSC), saighean bháid nó soithigh (SV), dreidire báid (DRB), saighean chladaigh (SB), saighean dhá bhád (SPR), dreidirí láimhe a úsáidtear ar bord soithigh (DRH) agus dreidirí meicnithe lena n-áirítear dreidirí súite (HMD);

(b) ciallaíonn "eangacha geolbhaigh agus líonta fostúcháin" aon cheann de na gléasanna seo a leanas: eangacha geolbhaigh (GN), eangacha geolbhaigh socraithe (GNS) (ar ancaire), sruthlíonta (GND), eangacha geolbhaigh timpeallaithe (GNC), traimlí (GTR) agus traimlí agus eangacha geolbhaigh in éineacht (GTN);

(c) ciallaíonn "Limistéir 1" na limistéir shrianta a chomhfhreagraíonn do na limistéir gheografacha atá iniata trí na suíomhanna a liostaítear faoin gceannteideal "Limistéir 1" san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a cheangal go seicheamhach le rumlínte, a dhéanfar a thomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84;

(d) ciallaíonn "Limistéir 2" na limistéir shrianta a chomhfhreagraíonn do na limistéir gheografacha atá iniata trí na suíomhanna a liostaítear faoin gceannteideal "Limistéir 2" san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a cheangal go seicheamhach le rumlínte, a dhéanfar a thomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84;

(e) ciallaíonn "Limistéir 3" na limistéir shrianta a chomhfhreagraíonn do na limistéir gheografacha atá iniata trí na suíomhanna a liostaítear faoin gceannteideal "Limistéir 3" san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a cheangal go seicheamhach le rumlínte, a dhéanfar a thomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84;

(f) ciallaíonn "crios foláirimh" limistéar 4 mhuirmhíle mórthimpeall arna bhunú chun rabhadh a thabhairt do na húdaráis inniúla faoi shoithí iascaireachta a thagann i dtreo limistéir shrianta a aicmítear mar "Limistéir 2".'

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/404/oj).

(2) In Airteagal 3, cuirtear an mhír 3 seo a leanas isteach:

'3. Toirmeascfar iascaireacht le líonta éighníomhacha i Limistéir 3 gan feistí fuaimchiaptha a úsáid go comhuaineach. Beidh feidhm ag an toirmeasc sin freisin maidir le hiascach áineasa.

Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann athbhreithniú ar na sonraí maidir le gabhálacha de thaisme muc mhara gach bliain agus déanfaidh siad measúnú air faoin 31 Nollaig 2026 ar a dhéanaí. Úsáidfear na sonraí maidir le gabhálacha de thaisme nó aon fhaisnéis ábhartha, lena n-áirítear fianaise eolaíoch maidir le húsáid feistí fuaimchiaptha i ndáil le muca mara, chun an beart caomhnaithe dá dtagraítear sa mhír seo a choigeartú, de bhun an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 11 agus 18 de Rialachán (AE) 1380/2013.'

(3) In Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I Limistéir 1, 2 agus 3, beidh feidhm ag na forálacha a leagtar síos in Airteagal 50 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle (*) maidir le rialú limistéar srianta iascaigh.

_____

(*) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj’

(4) In Airteagal 4a, cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:

‘2a. Déanfar na soithí iascaireachta uile a oibríonn i Limistéir 3 a fheistiú le Córas Aitheantais Uathoibríoch a chomhlíonann na caighdeáin feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 6a de Threoir 2002/59 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), agus coinneofar an córas sin i mbun oibríochta go leanúnach. Féadfar an Córas Aitheantais Uathoibríoch a mhúchadh sna himthosca eisceachtúla dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus i gcomhréir leis an nós imeachta a bhunaítear san Airteagal sin. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear na sonraí ón gCóras Aitheantais Uathoibríoch ar fáil dá n-údaráis inniúla atá freagrach as rialú ar iascach, chun críoch rialaithe, lena n-áirítear cros-seiceálacha ar shonraí ón gCóras Aitheantais Uathoibríoch le sonraí eile atá ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 109 de Rialachán (AE) Uimh. 1224/2009.

_____

(*) Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí de chuid an Chomhphobail agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle. (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/59/oj).’

*Airteagal 2*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/117 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Deireadh Fómhair 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/117, cuirtear isteach an ceannteideal seo a leanas:

'LIMISTÉIR 3

**An Láithreán Natura 2000 Havet kring Ven (SE0430183)**

| Pointe | Domhanleithead T | Domhanfhad O | Domhanleithead T | Domhanfhad O |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 55 56 588' | 12 40 790' | 55,94313° | 12,67983° |
| 2 | 55 53 999' | 12 45 716' | 55,89998° | 12,76193° |
| 3 | 55 52 006' | 12 42 398' | 55,86677° | 12,70663° |
| 4 | 55 54 055' | 12 40 184' | 55,90092° | 12,66973° |
| 5 | 55 55 455' | 12 38 902' | 55,92425° | 12,64837° |
| 6 | 55 56 588' | 12 40 790' | 55,94313° | 12,67983°' |